

AN COILEACH A RAIBH SAIL INA DHIAIDH.

Fear a bhí ag teacht isteach go Gaillimh agus beart brobh aige le díol ar an margadh (chuireadh daoine geir ar na bruibh fadó le coinne a dhéanamh). Nuair a tháinig sé isteach ar an tsráid bhí bulc mór fear a’ rith indiaidh coiligh agus fear dhá chinnireacht. “Cé’n sórt cathú atá oraibh,” adeir fear na mbrobh le duine de na feara a bhí a’ rith indiaidh an choiligh. “Nach bhfeiceann tú an coileach agus an tsail mhór ina diaidh? “Níl ina dhiaidh ach sop tuighe,” adeir fear na mbrobh. Tháinig fear an choiligh chó fada leis nuair a chuala sé é a’ rádh nach sail a bhí indiaidh an choiligh ach sop tuighe. Cheannuigh sé an beart brobh uaidh. Nuair a bhí an beart brobh tughtha uaidh aige cheap sé féin annsin gur sail a bhí indiaidh an choiligh agus bhí sé féin a’ rith ina dhiaidh an choiligh ag déanamh iongantais de có maith le muinntir an bhaile mhóir. Bhí an cathú céadna air is bhí ortha.. Nuair a d’imthigh na brobhanna uaidh bhí sé féin ag déanamh sail de’n tsop tuighe chó maith le huile dhuine. Bhí an tseamhair Mhuire sa mbeart brobh agus bhí fhios ag fear an choiligh go raibh. 15.

10.1931